CEANNCHEATHRÚ,
CAISLEÁN BHAILE SHEÁIN
CO. LOCH GARMAN, ÉIRE
FÓN: +353-53-60600
FACS: +353-53-60699

# NA hACHTANNA UM BHAINISTIÚ DRAMHAÍOLA 1996 GO DTÍ 2005

## FÓGRA FAOI CHINNEADH CHUN CEADÚNAS DRAMHAÍOLA A DHIÚLTÚ

Cinneadh na Gníomhaireachta faoi Alt 40(1) de na hAchtanna um Bhainistiú Dramhaíola, 1996 go dtí 2005

*Clár-Uimhir an Cheadúnais Dhramhaíola:* 187-1

De bhreis ar an bhfógra faoi dháta an 12th lá de Eanáir, 2006, ag feidhmiú faoi na chumhachtaí bronnta ar an nGníomhaireacht faoi na hAchtanna um Bhainistiú Dhramhaíola, 1996 go dtí 2005, agus ar bhonn na gcúiseanna atá leagtha amach ina dhiaidh seo sa Chinneadh atá gafa le seo, tá diúltaithe ag an nGníomhaireacht ceadúnas dramhaíola a dheonú ar Waterford County Council, Aras Brugha, Davitts Quay, Dungarvan, County Waterford chun na ngniomhaíochtaí dhramhaíola atá leagtha amach thíos a reachtáil ag Garrynagree & Reanagullee Townlands, Dungarvan, County Waterford.

Tá cóip den Chinneadh gafa le seo.

## Gníomhaíochtaí Dramhaíola ar Diúltaíodh dóibh.

### Tá diúltaithe do reachtáil na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

***Gníomhaíochtaí Diúscairte Dramhaíola ar diúltaíodh dóibh, faoi réir an Tríú Sceidil de na hAchtanna um Bhainistiú Dramhaíola, 1996 go dtí 2005***

| | |
|---|---|
| **Aicme 1.** | **Diúscairt ar thalamh, i dtalamh, nó faoi thalamh (ag áireamh líonadh talún).** |
| **Aicme 2.** | **Cóiriú talún, lena n-áirítear bithdhíghrádú scaoileachán leachta nó sloda in itreacha** |
| **Aicme 4.** | **Locadh dromchlaí lena n-áirítear scaoileacháin leachta nó sloda a shuíomh i gclaiseanna nó i murlaigh** |
| **Aicme 5.** | **Líonadh talún sainbheartaithe, lena n-áirítear suíomh i gceallaí discréideacha líneáilte faoi chaipíní agus deighilte óna chéile agus ón imshaol.** |
| **Aicme 6.** | **Cóiriú bitheolaíoch nach bhfuil tagairt dó in aon áit eile sa Sceideal seo, a mbíonn comhábhair nó meascáin mar thoradh air leagtha síos de bharr gníomhaíochta a bhfuil tagairt dó faoi mhír 1 go dtí 5 nó faoi mhír 7 go dtí 10 sa Sceideal seo.** |
| **Aicme 7.** | **Cóiriú fisiciceimiceach nach bhfuil tagairt dó in aon áit eile sa Sceideal seo a mbíonn comhábhair nó meascáin mar thoradh air leagtha síos de bharr gníomhaíochta a bhfuil tagair..rt dó faoi mhír 1 go dtí 5 nó faoi mhír 8 go dtí 10 sa Sceideal seo (lena n-áirítear galú, tirimiú agus cailcíniú).** |

| | |
|---|---|
| **Aicme 11.** | **Cumasc nó meascadh roimh ábhar a chur faoi aon ghníomhú a bhfuil tagairt dó in aon mhír roimhe seo sa Sceideal seo.** |
| **Aicme 12.** | **Athphacáistiú roimh ábhar a chur faoi aon ghníomhú a bhfuil tagairt dó in aon mhír roimhe seo sa Sceideal seo.** |
| **Aicme 13.** | **Stóráil ábhair roimh a chur faoi aon ghníomhú a bhfuil tagairt dó in aon mhír roimhe seo sa Sceideal seo, cé is moite de stóráil shealadach, ag fuireach le bailiúchán, san áitreabh inar táirgeadh an dramhaíol atá i gceist.** |

***Gníomhaíochtaí Aisghábhála Dramhaíola ar diúltaíodh dóibh, faoi réir an Cheathrú Sceidil de na hAchtanna um Bhainistiú Dramhaíola, 1996 go dtí 2005***

| | |
|---|---|
| **Aicme 2.** | **Athchúrsáil nó athnuachan ábhar orgánach nach n-úsáidtear mar thuaslagóirí (lena n-áirítear múiríniú agus próisis bitheolaíocha eile.** |
| **Aicme 3.** | **Athchúrsáil nó athnuachan miotal nó comhdhúilí miotail** |
| **Aicme 4.** | **Athchúrsáil nó athnuachan ábhar neamhorgánach eile** |
| **Aicme 9.** | **Úsáid aon dramhaíola go príomha mar bhreosla nó ar bhealach eile chun fuinnimh a ghiniúint** |
| **Aicme 10.** | **Cóiriú aon dramhaíola ar thalamh le tairbhe dá bharr do ghníomhaíocht thalmhaíochta nó do chóras éiceolaíoch.** |
| **Aicme 11.** | **Úsáid a bhaint as dramhaíol ar bith a fuarthas de bharr gníomhaíocht a ndéantar tagairt dó in aon mhír roimhe seo sa Sceideal seo.** |
| **Aicme 13.** | **Dramhaíol a stóráil leis an intinn í a chur faoi ghníomhú ar bith a dhéantar tagairt dó in aon mhír roimhe seo sa Sceideal seo, ach amháin stóráil shealadach, ag fuireach le bailiúchán, san áitreabh inar táirgeadh dramhaíol dá leithéid.** |

**Faoi Shéala ag Séala na Gníomhaíreachta ar 16th lá de Feabhra, 2006**

**I LÁTHAIR le linn do Shéala na Gníomhaireachta**
**a bheith á ghreamú le seo:**

______________________________________

**Dara Lynott, Stiúrthóir/Duine Údaraithe**